



# FANACHT SÁBHÁILTE AR LÍNE

## Pasfhocail láidre a chruthú

UCD School of Education
Scoil an Oideachais UCD

Cyberwise




# RÉAMHRÁ

Cosnaíonn pasfhocail do chuid faisnéis phríobháideach ó dhaoine eile ionas nach mbeidh siad in ann í a fheiceáil ar an idirlíon.

Tá pasfhocail an-chosúil le glas teaglama. Úsáidtear teaglamaí rúnda litreacha, uimhreacha agus siombailí nach bhfuil ar eolas ag aon duine seachas tú féin.

Mar sin féin, tá roinnt pasfhocal níos láidre ná a chéile toisc gur deacra atá sé ar dhuine iad a oibriú amach. Baintear úsáid as fíordheimhniú déshraithe anois le bheith níos sábháilte ar líne.

Ach fós féin, tá go leor bealaí ag haiceálaithe chun a fháil amach cad é do phasfhocal mura bhfuil sé láidir go leor.

Gheobhaimis amach conas stop a chur le bithiúnaigh seo na mbogearraí mailíseacha sula ngoidfidh siad do chuid faisnéis phearsanta go léir!!


*An Scuad Cibirchéillí*

# WALT




- Tuiscint a fháil ar na carachtair a dhéanann pasfhocal slán.
- Bealaí a aithint chun pasfhocal a chruthú ar a gcuimhneoidh tú ach atá slán.
- Pasfhocal sábháilte a chruthú.
- Foghlaim faoi fhíordheimhniú déshraithe.
- Imscrúdú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla bogearraí mailíseacha a úsáideann haiceálaithe chun fáil amach faoi do phasfhocal agus faoi do chuid faisnéis phearsanta.





# PRÍOMHFHOCLÓIR

## PASFHOCAL

**sraith rúnda litreacha, siombailí agus uimhreacha is féidir a úsáid chun srian a chur ar cé atá in ann rochtain a fháil ar rud éigin digiteach.**

## PASFHRÁSA

**grúpa focal a théann le chéile ionas go mbeidh sé éasca ort cuimhneamh ar do phasfhocal.**

## SIOMBAIL

**aon charachtar seachas uimhir nó litir, ar nós #, !, nó @.**

## AINM ÚSÁIDEORA

**ainm a chruthaíonn tú chun síniú isteach ar shuíomh gréasáin, aip, nó cluiche.**

## BOGEARRAÍ MAILÍSEACHA

**bogearraí a dheartar go sonrach chun cur isteach ar chóras ríomhaireachta, chun damáiste a dhéanamh dó nó chun rochtain neamhúdaraithe a fháil air.**

## HAICEÁLAÍ

**duine a úsáideann ríomhairí chun rochtain neamhúdaraithe a fháil ar shonraí.**

## SONRAÍ

**fíricí aonair, staitisticí, nó míreanna faisnéise a bailíodh faoi dhaoine nó faoi eagraíochtaí.**

# TASC 1:
# SMAOINIGH, PÉIREÁIL, ROINN

## Ceisteanna le smaoineamh orthu





Cad é an rud i do shaol a nglacann tú céimeanna ina leith lena chosaint?

Cad iad na hiarmhairtí a bhaineann leis na rudaí is luachmhaire sin de do chuid a bheith goidte?


Cén fáth agus conas a chosnaíonn tú iad?

# An fhírinne faoi Phasfhocail

Píosa maith comhairle is ea 'caith le do phasfhocal mar a bheadh do scuab fiacla ann. Ná lig d'aon duine eile é a úsáid, agus faigh ceann nua gach sé mhí[1].

Má úsáidtear an pasfhocal céanna le haghaidh dhá chuntas, tá sé sin cosúil lena bheith ag baint úsáid as an eochair chéanna le haghaidh dhá charr.

De réir staidéar amháin de chuid NordPass, tá 100 pasfhocal ag an ngnáthdhuine.




Ba chóir go mbeadh pasfhocal difriúil agat le haghaidh gach cuntas atá agat. Má úsáideann tú an pasfhocal céanna arís is arís eile, is mó seans go mbeidh tú i mbaol sáraithe sonraí. Má dhéantar sárú ar do chuid sonraí, d'fhéadfadh do phasfhocal a bheith ceangailte le d'fhaisnéis aitheantais, agus d'fhéadfadh haiceálaí díriú ar chuntas ríomhphoist nó bainc eile lenar úsáid tú an pasfhocal céanna.




# TASC 2

- *Féach ar an bhfíseán agus tabhair faoi deara na pasfhocail róchoitianta a roghnaigh na carachtair.*
- Cuirigí in iúl i mbeirteanna pasfhocail a úsáideann daoine go coitianta.
- *Cad iad na leideanna a mholtar chun pasfhocail níos fearr a roghnú chun cosaint i gcoinne ionsaitheoirí?*

**IS FÉIDIR LEAT NA FREAGRAÍ A CHUR I GCOMPARÁID LEIS AN GCÉAD SLEAMHNÁN EILE.**

**CÉ MHÉAD A FUAIR TÚ?**

# RIALACHA MAIDIR LE PASFHOCAL LÁIDIR A CHRUTHÚ




- Úsáid litreacha uimhreacha agus siombailí.
- Úsáid ceannlitir amháin ar a laghad.
- Bíodh sé ar a laghad 8 gcarachtar ar fad.
- Ná roinn do phasfhocal le cairde.
- Úsáid rud éigin ar a gcuimhneoidh tú ach nach mbeidh a fhios ag daoine eile.
- Ná húsáid ainmneacha ná dátaí soiléire in am ar bith.

# TÁ AN PASFHOCAL MÍCHEART!




## TASC 3

**Féach ar na 5 phasfhocal thíos. Déan iad a rangú ón gceann is láidre go dtí an ceann is laige. Tabhair cúiseanna le do fhreagraí.**

$h0pt0dr0p

Lucy1983*

+CyB3r53curityR0x

password321

d0g5Rth3B3st@

# NA PASFHOCAIL IS COITIANTA A ÚSÁIDTEAR







123456
password
12345678
12341234
1asdasdasdasd
Qwerty123
Password1
123456789
Qwerty1
:12345678secret

# TASC 4 ANOIS BAINIMIS TRIAIL AS!

## Bain triail as pasfhocal láidir a chruthú.
## NÍ cheadaítear pasfhocail laga !!

Cruthaigh roinnt pasfhocail láidre do na páistí seo!


CREATE THE PERFECT PASSWORD

Name: ____________

Date: ____________

Using the rules create passwords for these kids!

**RULES FOR THE PERFECT PASSWORD**

- Include numbers, letters and symbols
- Use at least one capital letter
- Make it at least 8 characters long
- Don't share your password with friends
- Make it something you will remember but others cannot guess
- Never use obvious names or dates

**HENRY**

Henry is 10 years old. He lives in Summerhill drive and goes to St. Marks school. His favourite team is Liverpool and he has a dog called Rambo. Create a strong password for him

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _


**LUCY**

Lucy is 13 years old. She lives on Ballyboy Street and goes to Scoil Mhuire. Her favourite singer is Harry Styles and she plays the flute. She has 3 brothers and a cat named Muffles. Create a strong password for her

**ALICE**

Alice is 11 years old. She lives on Ashdown lane and goes to St. Colmans school. Her favourite hobby is camogie and she loves tie dye. Her rabbit is called Rara. She loves noodles. Create a strong password for her

Déan tástáil ar do phasfhocal lena sheiceáil an bhfuil sé láidir



Chomh maith le pasfhocal láidir, bíonn go leor aipeanna anois ag iarraidh níos mó faisnéis aitheantais sular féidir logáil isteach!

# CAD É FÍORDHEIMHNIÚ DÉSHRAITHE (2FA) AGUS CONAS A OIBRÍONN SÉ?


Oibríonn aithint déshraithe trí dhá mhodh neamhghaolmhara a úsáid chun cuntas a chosaint. De ghnáth ní mór an dara modh fíordheimhnithe a fhíorú le rud éigin i do sheilbh phearsanta - mar shampla d'fhón - chomh maith le do ghnáthainm úsáideora agus do phasfhocal.

Is féidir le fóin chliste **fíorú bithmhéadrach** a úsáid amhail léitheoirí méarloirg nó léitheoirí aghaidhe.



# TASC 5: 'FÍORDHEIMHNIÚ DÉSHRAITHE'

Agus tú sa bhaile, déan iarracht **fíordheimhniú déshraithe** a shocrú ar an aip is fearr leat. Iarr ar do thuismitheoirí cabhrú leat. Lean na treoracha thíos!




**Téigh chuig Socruithe >**
**> Pasfhocal & Slándáil.**
**Cuir ar siúl fíordheimhniú déshraithe.>**
**> Cliceáil Lean ar Aghaidh.**
**Cuir isteach an uimhir ghutháin trínar mian leat cóid fíoraithe a fháil nuair a shíneoidh tú isteach.**

**DÉAN AN CROSFHOCAL CHUN A FHÁIL AMACH CÉ MHÉAD ATÁ AR EOLAS AGAT FAOI 2FA**



## MÁ TÁ PASFHOCAIL LAG AGUS MURA BHFUIL FÍORDHEIMHNIÚ DÉSHRAITHE I BHFEIDHM, BEIDH GO LEOR BEALAÍ AG HAICEÁLAITHE CHUN BRISEADH ISTEACH I DO CHUNTAS.

**Úsáideann haiceálaithe na 7 straitéis seo chun do chuid faisnéise a ghoid.**

**Sula gcliceálfaidh tú ar gach ceann, pléigh conas a oibreodh siad.**




- Stuáil Faisnéis Aitheantais
- Eochairlogáil
- Fioscaireacht
- Scaipeadh Pasfhocail
- Ionsaí Lántrialach
- Aimsiú Áitiúil
- Sracaireacht

# BOGEARRAÍ MAILÍSEACHA: CAD É ATÁ I GCEIST LEO?





**Uaireanta agus muid ag cliceáil go míchúramach ar líne, is féidir an rud ar a dtugtar BOGEARRAÍ MAILÍSEACHA a íoslódáil.**
**Is é atá i gceist le bogearraí mailíseacha aon chlár ríomhaireachta a dheartar chun rudaí a dhéanamh atá díobhálach nó nach dteastaíonn ó úinéir ríomhaire!**




## IMSCRÚDÚ A DHÉANAMH AR ROINNT CINEÁLACHA BOGEARRARÍ MAILÍSEACHA

### TRAÍOCH



### PÉISTEANNA



### VÍRIS



# FÍRICÍ FÁNACHA

In 2012 tionscnaíodh meaisín craiceála pasfhocal a d'fhéadfadh dul trí suas le 350 billiún buille faoi thuairim in aghaidh an tsoicind. Taobh istigh d'ocht n-uair an chloig, bhí sé in ann frithionsaí lántrialach a dhéanamh ar gach teaglaim pasfhocal ocht gcarachtar is féidir ina bhfuil litreacha, digití agus siombailí cás uachtair agus íochtair.

Deanann haiceálaí ionsaí gach 39 soicind!

Ba é Kristoffer von Hassel an haiceálaí ab óige a bhfuil eolas air. Nuair a bhí sé cúig bliana d'aois, nocht sé cliseadh slándála i gcóras Microsoft Live Xbox agus rinneadh tuairisciú forleathan air.

Ba é Kevin David Mitnick an chéad haiceálaí. Údar Meiriceánach agus comhairleoir slándála ríomhaireachta ba ea é a rugadh 6 Lúnasa 1963. Ciontaíodh é as haiceáil.

Úsáidtear "white hat" mar ainm ar haiceálaithe eiticiúla, agus úsáidtear "black hat" mar ainm ar haiceálaithe mailíseacha.

Tá níos mó ná 500,000 post cibearshlándála gan líonadh sna Stáit Aontaithe, agus tá ardú 74% ar líon na bpostálacha le cúig bliana anuas. As na poist sin, tá innealtóirí cibearshlándála ar cheann de na poist is airde pá agus iad ag tosú ag $140K ar an meán gach bliain.



# TASC 6: CIBEARDHÚSHLÁN

Bainfidh tú féin triail anois as haiceáil mhaith. Chruthaigh na páistí ar 'foxbook' pasfhocail a bhfuil sé éasca buille faoi thuairim a thabhairt orthu.

Agus tú ag baint úsáid as do chuid eolas nua go léir maidir le pasfhocal a chruthú agus na straitéisí a úsáideann haiceálaithe chun iad a oibriú amach, déanfaidh tú iarracht anois pasfhocal na n-úsáideoirí seo a oibriú amach.

Tugtar nasc thíos chun tús a chur leis an dúshlán. Ná déan dearmad teachtaireacht a fhágáil do gach úsáideoir a n-éiríonn leat a phasfhocal a oibriú amach.

https://foxbook.hackchallengesforkids.com/t



# NÁ DÉAN DEARMAD A BHEITH SÁBHÁILTE AR LÍNE

## NÁ CLICEÁIL GAN SEICEÁIL


## BÍ CIBIRCHÉILLÍ!




SIAR


Is cibearionsaí é Stuáil Faisnéis Aitheantais ina n-úsáideann cibearchoirpigh sonraí logála isteach a goideadh ó chóras amháin chun iarracht a dhéanamh rochtain a fháil ar chóras neamhghaolmhar.

SIAR




Tógann Eochairlogáil nóiméad a shuiteáil ar chóras an íospartaigh. Taifeadann sé gach eochairbhuille a chuireann tú isteach, lena n-áirítear cliceáil luiche. Nochtar gach ainm úsáideora agus pasfhocal don haiceálaí.





Is cineál ionsaí innealtóireacht shóisialta é fioscaireacht a úsáidtear go minic chun sonraí úsáideora a ghoid, lena n-áirítear sonraí logála isteach agus uimhreacha cártaí creidmheasa. Tarlaíonn sé nuair a ligeann ionsaitheoir air gur rud éigin nó duine éigin iontaofa é agus cuireann sé dallamallóg ar an íospartach chun ríomhphost, teachtaireacht mheandrach, nó teachtaireacht téacs a oscailt.



Is cineál ionsaí lántrialach é Scaipeadh Posfhocail ina mbaineann haiceálaí triail as an bpasfhocal céanna ar go leor cuntas sula mbogann sé ar aghaidh go dtí ceann eile agus leantar ar aghaidh leis an bpróiseas. Tá sé seo éifeachtach toisc go n-úsáideann go leor úsáideoirí pasfhocail shimplí intuartha, mar shampla "pasfhocal123."

SIAR


Úsáideann ionsaí lántrialach ríomhairí tapa chun iarracht a dhéanamh cód a bhriseadh ag baint úsáid as a lán féidearthachtaí. Mar shampla, déantar líon mór de na heochracha féideartha a thriail sa spás eochrach. Má éiríonn leis, díchriptíonn sé sin an teachtaireacht chriptithe.

SIAR



Tarlaíonn aimsiú áitiúil nuair a scríobhann tú síos nó nuair a úsáideann tú do phasfhocal áit éigin inar féidir é a fheiceáil i ngnáth-théacs. Aimsíonn an t-ionsaitheoir an pasfhocal agus úsáideann sé é, go minic i ngan fhios duit.





Is teicníc dúmháil é sracaireacht inar féidir le duine do phasfhocal a éileamh má tá sé d'acmhainn aige dochar a dhéanamh duit nó náire a chur ort mura ngéilleann tú, mar shampla trí fhaisnéis íogair, íomhánna nó físeáin duit a nochtadh, nó trí do chuid sábháilteacht fhisiciúil féin nó sábháilteacht do mhuintire a bhagairt.

